

1. AN TUILE MHÓR

LEABHAR AN PHÁISTE: LTH. 2, 3, 4. BILEOGA OIBRE 1, 2.

Snáithe: Scéalaíocht

Snáithaonad: Miotais agus Finscéalta

Tugann an ceacht seo léargas do na páistí ar fhinscéalta bundúchasacha. Spreagfaidh sé iad chun iniúchadh a dhéanamh ar mhiotais agus ar fhinscéalta ó thíortha agus ó chultúir eile.

Cúlra:

Is muintir dhúchasach na hAstráile iad na Bundúchasaigh agus tá siad ina gcónaí ann le breis is 40,000 bliain. Tá a gcuid nósanna, creideamh agus ealaíne féin forbartha acu thar na blianta. San am atá thart bhí níos mó ná 500 treibh de Bhundúchasaigh. Mhair na Bundúchasaigh go suaimhneach síochánta agus nasc láidir acu leis an talamh agus leis an gcomhshaoil nádúrtha. B'fhiagaithe cnuasaitheoirí (sealgairí agus cruinnitheoirí) iad. Creideann siad gur cruthaíodh an domhan in am ar a dtugann siad an 'Dreamtime'.

Thosaigh na chéad Eorpaigh ag dul go dtí an Astráil sa séú aois déag. I 1770 tháinig James Cook go dtí an Astráil. Thuirling sé ar an gcósta thoir. Seo mar a chuir seisean síos ar na Bundúchasaigh Astrálacha:

"...níos sona mar atá muid, na hEorpaigh. Maireann siad go suaimhneach. Tugann an ithir agus an fharraige dóibh gach rud atá ag teastáil uathu."

Bhunaigh na hEorpaigh lonnaíochtaí san Astráil ón bhliain 1788 ar aghaidh. Nuair a tháinig daoine ar ór san 1850dí bhí tionchar mór aige sin ar lonnú na nEorpach. Tháinig lonnaitheoirí nua agus bhrúigh siad na Bundúchasaigh ón dtalamh. Cé gur pobal tuaithe fáin (ag bogadh ó áit go háit go leanúnach) a bhí sna Bundúchasaigh ar dtús, cónaíonn breis is 60% díobh i gceantair chathracha nó bhaile anois.

Tá cultúr agus féiniúlacht láidir ag na Bundúchasaigh Astrálacha. Tá an daonra Bundúchasach níos lú ná 260,000 inniu.

Stór focal

Bundúchasaigh na hAstráile:

Australian Aborigines

treibheanna: tribes

diamhra draíochtacha: magical

mysteries

finséal: legend

triomach: drought

seasc: barren

feoite: withered

cruidín: kingfisher

mionchangarúnna: wallabies

hapasaim: possums

macalla: echo

Bhobáil: ..blinked..

laghairt: lizard

eascann: eel

lúbarnaíl: wriggle

tuile: flood

gan chorraí: motionless

chomhoibrigh: cooperated


D'fhógair na hainmhnithe: The animals announced

Tá ord na n-abairtí thíos measctha.


Scríobh na huimhreacha 1 - 7 sna boscaí chun iad a chur san ord ceart.

- D'fhógair na hainmhithe cruinniú mór i lár na hAstráile.
- Rinne an eascann lúbarnaíl ar an talamh os comhair an fhróig.
- Tháinig an t-earrach agus bhí an talamh clúdaithe le brat glas.
- Fuair siad amach gur shlog frog ollmhór an t-uisce uile sa tír.
- Bhí na haibhneacha go léir tirim agus bhí triomach uafásach ann.
- Rinne ainmnithe éagsúla iarracht an frog a chur ag gáire, ach theip orthu!
- Phléasc an frog amach ag gáire, d'oscail sé a bhéal agus tháinig sruthanna uisce amach as.

Tarraing an talamh tar éis don fhrog gáire a dhéanamh.



Crosfhocal



Leideanna

Trasna:

1. D'fhógair na hainmhithe ____ mór i lár na tíre.
2. Na chéad daoine a chónaigh san Astráil.

Síos:

3. An t-ainmí ar éirigh leis an frog a chur ag gáire.
4. Bhí na haibhneacha agus lochanna go léir tirim agus bhí ____ ar fud na tíre.
5. _____ frog ollmhór an t-uisce uile sa tír.
6. D'oscail an frog a bhéal, tháinig uisce amach as ag _____ na talún.


Bratach na mBundúchasach Astrálach

Dathaigh an bratach Bundúchasach.

Seasann an dubh do na Bundúchasaigh.


Seasann an buí don ghrian.

Seasann an dearg don talamh.



An Tuile Mhór
Freagraí don mhúinteoir

Bileog Oibre 2



Leideanna

Trasna:

1. D'fhógair na hainmhithe ____ mór i lár na tíre.
2. Na chéad daoine a chónaigh san Astráil.

Síos:

3. An t-ainmhí ar éirigh leis an frog a chur ag gáire.
4. Bhí na haibhneacha agus lochanna go léir tirim agus bhí ____ ar fud na tíre.
5. _____ frog ollmhór an t-uisce uile sa tír.
6. D'oscail an frog a bhéal, tháinig uisce amach as ag _____ na talún.

2. AN TÍR IDIR NA HAIBHNEACHA

LEABHAR AN PHÁISTE: LTH. 5,6,7,8,9; BILEOG OIBRE 3

Snáithe: Pobail agus Sochaithe Ársa

Snáithaonad: Sochaithe ársa Ghleann na Tigrise agus Ghleann na hEofraite

Chuir pobal na Suiméire an chéad sibhialtacht ar bun i stair an chine dhaonna. Chum siad an iliomad rudaí, scríbhneoireacht san áireamh.

Cúlra

Rinne Leonard Woolley tochailt i gcathair Ur, san Iaráic, idir na blianta 1922 agus 1934. D'fhoghlaim sé an t-uafás faoi shaol na ndaoine a mhair sa cheantar sin na mílte bliain ó shin. Daoine an-chliste a bhí sna Suiméaraigh. Thóg innealtóirí Suiméaracha córas canálacha chun uisce a chur ar mhalairt slí ó Abhainn na Tigrise agus ó Abhainn na hEofraite go dtí a dtailte. D'úsáid na Suiméaraigh cré na habhann chun brící, potaí, prócaí agus táibléid scríbhneoireachta a dhéanamh. Ba iad na Suiméaraigh a thug an roth ar an saol. Chuir siad rothaí ar a gcairteacha agus ar a gcarbaid. Bhain siad úsáid as an roth freisin chun potaireacht a dhéanamh. Rinne miotalóirí agus ealaíontóirí na Suiméire seodra lonrach agus seoda ealaíne áille. Cheap feirmeoirí Suiméaracha céachta a bhí ábalta an chré a chasadh agus na síolta á gcur aige. Rinne mairnéalaigh Suiméaracha trádáil le limistéir thoir na Meánmhara.

Stór focal

Na Suiméaraigh: The Sumerians

Lonnaigh siad: They settled down.

An Chré-Umhaois: The Bronze Age

Damh: Ox

Bréagfhoilt: Wigs

Íomhánna: Images

Aíonna: Guests

Fillte: Kilts

Fíoracha: Figures

Ag teitheadh: Fleeing

Céachta: Plough

Meirge Ur: The Standard of Ur. (Ciallaíonn meirge banner /standard).



Os cionn an mhachaire: Above the plain

Ar bharr na bhfothrach: On top of the ruins

Íobairt a dhéanamh: To make a sacrifice

Fionnachtana Suiméaracha: Sumerian discoveries

Ba iad na Suiméaraigh na chéad daoine a cheap córas chun uimhreacha a scríobh. D'úsáid siad bata ar a dtugtar "stíleas". Rinne siad na huimhreacha le barr cruinn an stílis ar thaibleid de chré. Bhrúigh siad síos go cliathánach ar an stíleas chun na comharthaí a dhéanamh sa chré.



Féach ar uimhir a 10 sa léaráid. Ciorcal atá ann. Bhrúigh siad anuas go díreach ar an stíleas chun an ciorcal a dhéanamh sa chré. D'úsáid siad stíleas níos mó chun uimhir a 60 a scríobh.

Cad iad na huimhreacha Suiméaracha seo a leanas?

| | | | | |
|--|--|--|--|--|
| | | | | |
| | | | | |

Scríobh na huimhreacha seo a leanas mar uimhreacha Suiméaracha.

| | | | | |
|---|----|----|----|----|
| 7 | 11 | 45 | 56 | 68 |
| | | | | |

3. MO CHRAOBH GHINEALAIGH

LEABHAR AN PHÁISTE: LTH. 11,12,13

Snáithe: Staidéir Áitiúla

Snáithaonad: Mo Mhuintir

Tugann an ceacht seo an deis do na páistí scrúdú a dhéanamh ar a gcraobh ghinealaigh féin agus cairt a nglún féin a tharraingt. Tabharfaidh sé léargas dóibh ar am agus ar chróineolaíocht freisin.

Stór focal

mo chraobh ghinealaigh: my family tree

gan láimhseáil le blianta : had not been handled for years

lán de sceitimíní: all excited

lá den saol: in former days

bleachtaire ama: time detective

staraí: historian

glúine difriúla: different generations

cairt glún: generation chart

capsúl ama: time capsule

rudaí luachmhara: precious things

4. BRÉAGÁIN

LEABHAR AN PHÁISTE: LTH. 14,15,16,17;

BILEOG OIBRE 4

Snáithe: Leanúnachas agus athrú le himeacht ama

Snáithaonad: Bréagáin

Sa cheacht seo déantar scrúdú ar bhunús bréagán áirithe. Spreagfar na páistí a fháil amach cad iad na bréagáin a bhí ag a dtuismitheoirí agus ag a seantuismitheoirí.

Stór focal

is ansa linn iad: they are very dear to us

seoid na hóige: treasures of youth

roithleagáin: hoops

caisil: spinning toys

scidilí: skittles

is ársa : most ancient

leasainm: nickname

craobhacha na bhfíniúnacha: grape vines

eitleoga: kites

mionsamhail iarnróid: model railways

seandálaithe: archaeologists

cluichí cláir: board games

sábh : saw


scaraoid: table cloth


poirceallán: porcelain

dear: design

feachtas fógraíochta: publicity campaign


amhrán bolscaireachta: advertising song/ (jingle)





Bréagáin




Bileog Oibre 4



Fiafraigh de do thuismitheoirí nó de do sheantuismitheoirí cad iad na bréagáin ab fhearr leo.
Scríobh an t-eolas ar an gcairt thíos.



| Ainm | Bréagán ab fhearr leo | Cur síos | An bhfuil sé fós ar fáil sa lá atá inniu ann? Má tá, an bhfuil an chuma chéanna air? |
|------|-----------------------|----------|---|
| | | | |
| | | | |
| | | | |



5. TÍR GHRIAN AN MHEÁN OÍCHE

LEABHAR AN PHÁISTE: LTH. 18,19,20,21; BILEOG OIBRE 5

Snáithe: Scéalaíocht

Snáithaonad: Miotais agus Finscéalta

Tugann an ceacht seo léargas do na páistí ar fhinscéalta na nIonúiteach. Cuirfidh sé ar a gcumas scrúdú a dhéanamh ar na hathruithe a tharla i saol na nIonúiteach freisin.

Cúlra

Is fánaithe iad na hIonúitigh. Tugtar “Eiscimigh” orthu go minic. Ciallaíonn “Eiscimeach” duine a itheann feoil amh. Ach is fearr leo “*inuit*” a thabhairt orthu féin, focal a chiallaíonn “na daoine réadúla”.

Clúdaíonn talamh na hIonúiteach timpeall 4,000 míle. Síneann sé ón nGraonlainn san oirthear chomh fada siar leis an tSibéir. Tugtar “Tír Ghrian an Mheán Oíche” go minic ar thír na nIonúiteach de bharr go mbíonn sé geal ann ar feadh sé mhí den bhliain. Braitheann cultúr na nIonúiteach ar dhomhan an nádúir mórchimpeall orthu. Is cuid an-tábhachtach de chultúr na nIonúiteach í an scéalaíocht. Cabhraíonn na scéalta leis na hIonúitigh an t-am atá thart a chaomhnú agus tuiscint a fháil ar an am atá le teacht.

Stór focal

treibh na nIonúiteach: the Inuit tribe

feoil amh: raw meat

huscathie: huskies

an tsneachta-mhóibíl: the snow mobile

sleamhnáin na ngadhar: dog pulled sleighs

ag seilg róntha : hunting seals

carabúnna: caribou

rosualt: walrus

ó ghlúin go glúin: from generation to generation

finscéal : legend

síoraí: eternal

íoglnna: igloos

san imigéin: far away

spíonta: exhausted

taoiseach: leader

garmhac: grandson

luachmhar: valuable




Scaoil daoine saigheada leis: People shot arrows at him

bánaíonn an lá: the day dawns

slí beatha: way of life

ag sealgaireacht : hunting

Crosfhocal



Leideanna:


Trasna

1. An t-éan a thug solas do na hIonúitigh (8)
3. Bíonn an talamh san Artach clúdaithe leis (8)
6. Bád ina dtaistealaíonn na hIonúitigh (5)
8. Is maith leis na hIonúitigh _____ a insint (7)
9. Tithe na nIonúiteach (8)
10. Focal a chiallaíonn "duine a itheann feoil amh" (10)

Síos

2. Déanann na hIonúitigh seilg ar na hainmhithe seo (5)
4. Cónaíonn na hIonúitigh gar don _____ (6)
5. Ainmhithe eile a ndéanann na hIonúitigh seilg orthu (9)
7. Ainmí mór a mhaireann san Artach (4,3)





Leideanna:

Trasna

3. An t-éan a thug solas do na hIonúitigh (8)
4. Bíonn an talamh san Artach clúdaithe leis (8)
8. Bád ina dtaistealaíonn na hIonúitigh (5)
11. Is maith leis na hIonúitigh _____ a insint (7)
12. Tithe na nIonúiteach (8)
13. Focal a chiallaíonn "duine a itheann feoil amh" (10)

Síos

4. Déanann na hIonúitigh seilg ar na hainmhithe seo (5)
4. Cónaíonn na hIonúitigh gar don _____ (6)
6. Ainmhithe eile a ndéanann na hIonúitigh seilg orthu (9)
9. Ainmhí mór a mhaireann san Artach (4,3)



6. NA CHÉAD FHEIRMEOIRÍ

LEABHAR AN PHÁISTE: LTH. 22,23,24;

BILEOG OIBRE 6

Snáithe: Pobail agus Sochaithe Ársa

Snáithaonad: Pobail na Clochaoise

Léiríonn an ceacht seo an t-athrú a tháinig ar an saol ó aimsir an tsealgaire/chnuasaitheora (hunter/gatherer) go haimsir an fheirmeora.

Stór focal

An Meánoirthear: The Middle East
min bhuí: maize meal (yellow meal)
barra: crops
a cheansú: to tame
ag seilg: hunting
céachtaí: ploughs
sealgairí: hunters
cnuasaitheoirí: gatherers

Pobail Neoiliteacha: Neolithic people
láib bhácáilte: baked mud
chas siad: they spun(turned)
d'fhigh siad: they weaved
lathach: mud
seandálaithe: archaeologists
a adhlacadh: to bury
luathrigh: ashes

Sealgairí agus Cnuasaitheoirí nó Feirmeoirí?**Bileog Oibre 7**

Tháinig athrú an-mhór i saol na ndaoine nuair a chuir siad eolas ar an bhfeirmeoireacht. Is sealgairí agus cnuasaitheoirí iad Teaghlach A. Tá feirm ag Teaghlach B. Tarraing pictiúir a léiríonn cad a bhíodh ar siúl ag an dá theaghlach.

A. Sealgairí agus cnuasaitheoirí

B. Feirmeoirí

Meaitseáil na teaghlaigh leis na habairtí - scríobh A nó B ar an líne cheart.

1. Táimid inár gcónaí in áit amháin gar dár gcuid barr. Thógamar teach beag dúinn féin. _____
2. Bogaimid ó áit go háit. Leanaimid tréada d'ainmhithe fiáine ar fud na tíre. _____
3. Is mór an spórt í an tsealgaireacht ach bíonn sí contúirteach freisin. _____
4. Is obair chrua í an ithir a thochailt agus barra a chur. _____
5. Tá ár gcuid barr agus ár gcuid ainmhithe an-tábhachtach. Caithfimid ár mbarra, ár gcaoirigh agus ár mba a chosaint ar éin agus ar ainmhithe fiáine. _____
6. Téann daoine ó theaghlaigh éagsúla ag seilg le chéile. Uaireanta ní éiríonn leo ainmhithe a ghabháil agus bíonn ganntanas bia ann. _____
7. Is féidir linn cuid mhaith dár mbarra a stóráil tar éis an fómhar a bhaint agus ithimid iad i rith an gheimhridh. _____
8. Is maith linn na cnónna, na caora agus na síolta a bhailimid san fhómhar a ithe ach bíonn sé deacair teacht ar bhia i rith an gheimhridh. _____
9. As cloch a dhéanaimd ár gcuid uirlisí. Úsáidimid breochloch le sceanna agus le cinn sleánna éifeachtacha a dhéanamh. _____
10. As cloch a dhéanaimd ár gcuid uirlisí. Úsáidimid sceana agus corráin. Leagaimid crainn le tuanna láidre. _____

7. NA CHÉAD FHEIRMEOIRÍ IN ÉIRINN

LEABHAR AN PHÁISTE: LTH. 25,26,27,28,29;

BILEOG OIBRE 7

Snáithe: Pobail agus Sochaithe Ársa

Snáithaonad: Pobail na Clochaoise

Sa cheacht seo faigheann na páistí amach faoi ghnéithe de shaol phobal na Clochaoise in Éirinn. Díríonn an ceacht ar conas a fuair siad bia agus conas a d'éirigh leo baile buan a chruthú dóibh féin toisc gur fhás siad barra agus gur cheansaigh siad ainmhithe.

Stór focal

An Meánoirthear: The Middle East

An Bhreatain Mhór: Great Britain

barra: crops

tuanna láidre: strong axes

seandálaithe: archaeologists

Loch gCor: Lough Gur

céachtaí: ploughs

bataí beangánacha: pronged sticks

beanna fianna: deer antlers

threabh siad: they ploughed

fálta: fences

arbhar: cereals

cruithneacht: wheat

eorna: barley

meilteoir: grinder

cloch bhró: quernstone

a chothú: to nourish

roinnt púróg: some pebbles

d'adhlaic siad: they buried

leaca cuimhneacháin Meigiliteacha:

megalithic tombs

carn cúirte: court cairn

dolmain: dolmen

dolmain ursanach: portal dolmen

tuamá pasáistí: passage graves

seomraí adhlactha: burial chambers

a adhradh: to worship

bachlóga: buds


cloch chiumhaise: kerbstone

bís/eanna: spiral/s

shnoigh siad: they carved

Lonnaíochtaí na gCéad Fheirmeoirí in Éirinn

Bileog Oibre 7



Is féidir roinnt de na háiteanna inar lonnigh na chéad fheirmeoirí agus inar chuir siad na mairbh a fheiceáil ar an léarscáil.

Aimsigh na háiteanna seo ar an léarscáil agus scríobh an uimhir cheart in aice leo.

- (A) Loch gCor (Luimneach)
- (B) Páirceanna Céide (Maigh Eo)
- (C) Creagán Devsky (Tír Eoghain)
- (D) Cnoc Bhrún (Ceatharlach)
- (E) Brú na Bóinne, (An Mhí)
- (F) Cnoc Teamhair (An Mhí)

Féach go cúramach ar an léarscáil.

Ar lonnigh na chéad fheirmeoirí díreach in aon áit amháin in Éirinn? _____

Cá bhfios duit? _____

Cén áit in Éirinn ar lonnigh formhór na gcéad fheirmeoirí? _____

An bhfuil cur amach agat ar áiteanna eile in Éirinn inar lonnigh na chéad fheirmeoirí? Déan liosta díobh.

9 AN SAOL SA TSEAN-ÉIGIPT

LEABHAR AN PHÁISTE: LTH. 34-37

BILEOG OIBRE 10

Snáithe: Pobail agus Sochaithe Ársa**Snáithaonad:** Na hÉigiptigh

Foghlaimid na páistí a lán rudaí faoin tsochaí ársa seo trí mhionstaidéar a dhéanamh ar an bhfianaise ó na hiarsmaí a d'fhág siad ina ndiaidh.

Cúlra

Léiríonn páistí sna meánranganna an-spéis sanÉigipt mar a bhí sí anallód. I “Stair Mórthimpeall Orm 3” d’fhoghlaim na páistí faoi shaol na ndaoine a mhair ar bhruacha na Níle sa tSean-Éigipt. D’fhoghlaim siad faoi iairglifí agus faoi na huimhreacha Éigipteacha. Sna ceachtanna seo cuirtear le stór eolais na bpáistí faoin tSean-Éigipt chun léargas níos fearr a thabhairt dóibh ar shaol na ndaoine a mhair ann fadó.

Stór focal

sibhialtacht: civilisation

ar bhruacha na Níle: on the banks of the Nile

éachtaí iontacha: wonderful achievements

tuilte: floods

nuair a thráigh an t-uisce: when the water went down

lathach thiubh, shaibhir, thorthúil: rich, thick mud

barra: crops

gleann na habhann: river valley

na farónna: the pharaohs

rialtóir: ruler

pobal: people

cáin: tax

na déithe: The Gods

sa phálás ríoga: in the royal palace

a lán oifigeach: many officials

comhairleoirí: advisors

déithe: gods

in airde chun na bhflaitheas: ascend to the heavens

rialadh sé: he ruled

ag iompar bachaille agus súiste:

carrying a crook and a flail

treoraí: leader

gráinní: grains

ríocht: kingdom

d'aontaigh siad: they united

coróin: crown

paipír: papyrus

iairglifí: hieroglyphics

nasc siad: they joined

scríobhaithe: scribes

scríbhneoireacht “demotic” : leagan

gairid d'iairglifí

seandálaí: archaeologist

iontais na seantuamaí: the wonders of the ancient tombs

scrábálaí: scribbler

iomráiteach: famous

scoláirí: scholars

eolaithe: scientists

córas tomhas: measurement system

bos: palm

uillinn: elbow

banlámh: cubit

shnoigh siad: they carved

banlámh caighdeánach: standard cubit

tógálaithe: builders

an-chruinn: very exact

clog gréine: sundial

scáil: shadow

An Saol sa tSean-Éigipt

Bileog Oibre 10



Meaitseáil an colún clé leis an colún deas.

Abhainn san Éigipt

Rosetta

Rialtóir na Sean-Éigipte

Cleopatra

D'úsáid na hÉigiptigh é chun na gráinní a bhaint de na barra

Iairglifí

Cineál scríbhneoireachta

An Níl

Tháinig saighdiúirí ar chloch san áit seo

Clog gréine

Banríon iomráiteach

Faró

D'úsáid na hÉigiptigh é seo chun am lae a thabhairt

Clog Uisce

D'úsáid na hÉigiptigh é seo chun na huaireanta a thomhas

Súiste



Cuir na focail sa cholún deas in abairtí.

1. _____
2. _____
3. _____
4. _____
5. _____
6. _____
7. _____
8. _____


An Saol sa tSean-Éigipt

Freagraí don mhúinteoir

Bileog Oibre 10



Meaitseáil an colún clé leis an colún deas.



Cuir na focail sa cholún deas in abairtí.

1. _____
2. _____
3. _____
4. _____
5. _____
6. _____
7. _____
8. _____

10. LAISTIGH DEN PHIRIMID MHÓR

LEABHAR AN PHÁISTE: LTH. 38-42;

BILEOGA OIBRE 11, 12

Snáithe: Pobail agus Sochaithe Ársa**Snáithaonad:** Na hÉigiptigh

Foghlaimíonn páistí go ndearna daoine iontas i gcónaí de mhéid agus d'fheidhm na Pirimide Móire, ón uair a tógadh í.

Cúlra

Bhí na pirimidí ag Giza ar cheann de Sheacht n-Iontais an Domhain Ársa agus agus is í an Phirimid Mhór, nó Pirimid Khufu, an t-iontas is fearr caomhnaithe a mhaireann díobh uile anois. Tá daoine ag déanamh iontais de mhéid agus d'fheidhm na Pirimide Móire ón uair a tógadh í. Tá roinnt mhaith teoricí ann fós maidir le cé a thóg an phirimid, cén chaoi ar tógadh í agus cén cuspóir a bhí léi. Tá roinnt scríbhneoirí den tuairim gur thóg coimhthíocha ón spás í. Creideann daoine eile go bhfuil draíocht cheilte ag baint léi. Úsáideann seandálaíocht nua-aimseartha teicníocht sofaisticiúil mar cheamaraí speisialta chun rúin na pirimide a iniúchadh. Maireann draíocht agus mistéir na Pirimide go fóill.

- Tógadh na trí phirimid ag Giza mar thuamaí don Fharó Khufu (tugtar Cheops air freisin), dá mhac Khafre agus dá gharmhac Menkaure.
- Ábhar iontais é cruinneas agus dearadh na Pirimide Móire. Tabharfaidh na firicí seo a leanas léargas do na páistí ar iontais na Pirimide.
- Bhí sí 146 méadar ar airde nuair a tógadh í – 26 méadar níos airde ná Spíce na Mílaoise i mB.Á.C.
- Tá 2,300,000 cloch inti.
- Tógadh an phirimid ar bhonn atá nach mór cothrom.
- Tá taobhanna na pirimide 230 ar a fhad ach fós tá siad beagnach cothrom, gan níos mó ná 4cm eatarthu. Tá a n-aghaidh ó thuaidh, ó dheas, soir agus siar agus iad chomh cruinn sin go ndeirtear nach mbeadh sé ar chumas innealtóirí an lae inniu a macasamhail a thógáil.
- Tá sleasa na pirimide comhionann.
- Is dronuillinneacha iad na ceithre chúinne agus iad nach mór cruinn.

Stór focal

pleananna cruinne: detailed plans

adhlacadh: burial

cuimhneachán síoraí: eternal monument

chun na flaithis: into the heavens

comhdhéithe: fellow gods

aolchloch lonrach: sparkling limestone

ag glioscarnach: glistening

fásach: desert

ina thuile: in flood

cairéil chloiche: stone quarries

báirse: barge

crainn tógála: cranes

roithleáin: pulleys

fánán: ramp

rolláin: rollers

trí phasáiste cúng aeir: through a narrow

air passage

plandaí paipíre: papyrus plants

clais adhlactha: burial pits

sochraid: funeral

Doirse na bhFlaitheas: Doors of Heaven

chaomhnaigh siad: they preserved

spíosraí: spices

a chuimilt: to rub

bindealáin léiéadaigh: linen bandages

lobh: rot

searmanas: ceremony

Teampall na nOfrálacha: the Offerings Temple

maoin: wealth/treasures

seomra adhlactha: burial chamber

an seomra láir: the middle chamber

tríd an Áiléar Mór: through the Grand Gallery

cónra cloiche: stone coffin

sciob siad: they stole

iairglifí: hieroglyphics

coróin na hÉigipte Uachtaraí: the crown of

Upper Egypt

Laistigh den Phirimid Mhór

Bileog Oibre 11


Focalchuardach. Trasna, síos agus fiarthrasna.

| | | | | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| d | f | g | x | s | n | á | u | f | é | p | m |
| c | á | a | n | h | l | s | p | h | i | n | x |
| a | d | o | r | n | x | n | s | e | a | b | n |
| e | r | t | g | ó | d | h | f | n | i | a | m |
| m | b | s | ú | i | s | t | e | h | r | n | n |
| u | a | d | t | c | z | b | á | g | i | l | n |
| m | c | a | s | n | r | a | r | r | g | á | m |
| a | á | n | b | s | f | h | h | í | l | m | ú |
| í | s | n | d | o | e | h | b | m | i | h | í |
| u | g | í | f | t | s | n | i | é | f | n | x |
| t | e | l | c | b | p | a | i | p | í | r | n |



Tá deich bhfocal a bhaineann leis an tSean-Éigipt i bhfolach san fhocalchuardach. Cabhróidh na leideanna thíos leat iad a aimsiú.

1. Abhainn a shníonn tríd an Éigipt _____
2. Rialtóir na Sean-Éigipte _____
3. Ceann Faró agus corp leoin _____
4. Corp caomhnaithe atá clúdaithe le bindealáin línéadaigh _____
5. D'úsáid na hÉigiptigh é chun páipéar a dhéanamh _____
6. 4 mhéar _____
7. 7 mbos _____
8. Uirlis a d'úsáid na hÉigiptigh chun gráinní a bhaint de na barra S _____
9. Cineál scríbhneoireachta _____
10. An áit inar tógadh an Phirimid Mhór _____




Laistigh den Phirimid Mhór Freagraí don mhúinteoir

Bileog Oibre 11

Focalchuardach. Trasna, síos agus fiarthrasna.

| | | | | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| d | f | g | x | s | n | á | u | f | é | p | m |
| c | á | a | n | h | l | s | p | h | i | n | x |
| a | d | o | r | n | x | n | s | e | a | b | n |
| e | r | t | g | ó | d | h | f | n | i | a | m |
| m | b | s | ú | i | s | t | e | h | r | n | n |
| u | a | d | t | c | z | b | á | g | i | l | n |
| m | c | a | s | n | r | a | r | r | g | á | m |
| a | á | n | b | s | f | h | h | í | l | m | ú |
| í | s | n | d | o | e | h | b | m | i | h | í |
| u | g | í | f | t | s | n | i | é | f | n | x |
| t | e | l | c | b | p | a | i | p | í | r | n |



Tá deich bhfocal a bhaineann leis an tSean-Éigipt i bhfolach san fhocalchuardach. Cabhróidh na leideanna thíos leat iad a aimsiú.

1. Abhainn a shníonn tríd an Éigipt AN NÍL
2. Rialtóir na Sean-Éigipte FARÓ
3. Ceann Faró agus corp leoin SPHINX
4. Corp caomhnaithe atá clúdaithe le bindealáin línéadaigh MUMAÍ
5. D'úsáid na hÉigiptigh é chun páipéar a dhéanamh PAIPÍR
6. 4 mhéar BOS
7. 7 mbos BANLÁMH
8. Uirlis a d'úsáid na hÉigiptigh chun gráinní a bhaint de na barra SÚISTE
9. Cineál scríbhneoireachta IAIRIGLIFÍ
10. An áit inar tógadh an Phirimid Mhór GIZA



11. AN TUAMA FOLAITHE

LEABHAR AN PHÁISTE: LTH. 43-47

BILEOGA OIBRE 13, 14

Snáithe: Pobail bhunaidh agus Sochaithe ársa**Snáithaonad:** Na hÉigiptigh

Sa cheacht seo tá deis ag páistí léargas a fháil ar cheann de na fionnachtana is iontaí riamh – tuama Thutankhamen. Foghlaimíonn na páistí faoi obair staraithe agus faoi conas a dhéanann siad iarracht an stair a thuiscint agus a athchruthú.

Stór focal

an tuama folaithe: the hidden tomb

thochlaíomar: we excavated

stráice: stretch

dul sa seans: to take a chance, to try

buailte: beaten

an grafóg: the hoe

éadóchasach: despairing

seandálaí : archaeologist

i ngaineamh an fhásaigh: in the desert sand

taisce: treasure

áit adhlactha: burial place

rudáí luachmhara: precious things

forsheomra: antechamber

greanta: carved

ríchathaoireacha: thrones

boghanna agus saigheada: bows and arrows

maidí teilgin: throwing sticks

trumpa: trumpet

carbad: chariot

dealbh: statue

urtheach: annexe

olaí: oils

fíonta: wines

cónra: coffin

scrín: shrine

an taisce: treasury

ag caomhnú: preserving

mallacht: curse

staraí: historian

fungas: fungus

fiabhras: fever

baictéar: bacteria

frídíní: germs

cothaíonn siad: they breed

thruailligh siad: they contaminated


nimh: poison

a chosaint: to protect

An Tuama Folaithe

Bileog Oibre 13

Crosfhocal



Trasna

1. Bhí trí cinn díobh seo sa seomra adhlactha (6)
4. An seomra ina raibh na seoda agus na hearraí ba luachmhara (2,6)
6. Rí na hÉigipte ó 1333 go 1323 R.Ch. (11)
8. Bhí sé ar cheann an rí sa chónra (4)
9. Uirlis cheoil a bhí san fhorsheomra (6)
10. Bhí dhá cheann díobh ar bhealach isteach an tseomra adhlactha (7)
11. Bhí doras íseal isteach sa seomra seo ina raibh bia, olaí agus fíonta (8)
12. Bean chéile Tutankhamen (14)
13. An Gleann ina raibh an tuama (6,2,2)




Síos

1. An seandálaí a tháinig ar an tuama (6)
2. An seomra ina raibh na cónraí (2, 6, 9)
3. D'úsáid sagairt í seo fadó chun na mairbh a chosaint (4)
5. Bhí dhá cheann órga díobh san fhorsheomra (7)
6. An tír ina bhfuil an tuama (2,6)

An Tuama Folaithe

Bileog Oibre 14

Samhlaigh gur tusa Howard Carter. Tá tú díreach tar éis teacht ar thuama folaithe Thutankhamen. Scríobh i do dhialann faoi na rudaí iontacha a bhí istigh sa tuama. Conas a bhraith tú nuair a chonaic tú iad don chéad uair? Déan cur síos ar gach rud a chonaic tú.



An Tuama Folaithe

Bileog Oibre 13

Freagraí don mhúinteoir

Crosfhocal

| | | | | | | | | | | | | | | | | | |
|-----|---|---|---|----|---|---|---|-----|---|----|---|---|---|----|---|---|---|
| 1c | ó | n | r | a | í | | | 2a | | 3n | | | | | | | |
| a | | | | | | | | 4a | n | t | a | i | s | 5c | e | | |
| r | | | | 6a | | | | s | | | m | | | a | | | |
| 7t | u | t | a | n | k | h | a | m | e | n | | h | | r | | | |
| e | | | | é | | | | o | | | | | | b | | | |
| r | | | | i | | | | 8m | a | s | c | | | a | | | |
| | | | | g | | | | r | | | | | | i | | | |
| | | | | i | | | | a | | | | | | d | | | |
| 9t | r | u | m | p | a | | | 10d | e | a | l | b | h | a | | | |
| | | | | t | | | | d | | | | | | | | | |
| | | | | | | | | 11u | r | t | h | e | a | c | h | | |
| | | | | | | | | l | | | | | | | | | |
| 12a | n | k | h | e | s | e | n | p | a | a | t | e | n | | | | |
| | | | | | | | | c | | | | | | | | | |
| | | | | | | | | t | | | | | | | | | |
| | | | | | | | | h | | | | | | | | | |
| | | | | | | | | | | | | | | | | | |
| | | | | | | | | 13g | l | e | a | n | n | n | a | r | í |



Trasna

- Bhí trí cinn díobh seo sa seomra adhlactha (6)
- An seomra ina raibh na seoda agus na hearraí ba luachmhara (2,6)
- Rí na hÉigipte ó 1333 go 1323 R.Ch. (11)
- Bhí sé ar cheann an rí sa chónra (4)
- Uirlis cheoil a bhí san fhorsheomra (6)
- Bhí dhá cheann díobh ar bhealach isteach an tseomra adhlactha (7)
- Bhí doras íseal isteach sa seomra seo ina raibh bia, olaí agus fíonta (8)
- Bean chéile Tutankhamen (14)
- An Gleann ina raibh an tuama (6,2,2)



Síos

- An seandálaí a tháinig ar an tuama (6)
- An seomra ina raibh na cónraí (2, 6, 9)
- D'úsáid sagairt í seo fadó chun na mairbh a chosaint (4)
- Bhí dhá cheann órga díobh san fhorsheomra (7)
- An tír ina bhfuil an tuama (2,6)

12. NA MAORAIGH

LEABHAR AN PHÁISTE: LTH. 48-51;

BILEOG OIBRE 15

Snáithe: Pobail bhunaidh agus Sochaithe ársa**Snáithaonad:** Pobail Astraláiseacha

Tabharfar léargas do na páistí ar roinnt de na gnéithe a bhaineann le ceann de na pobail Astraláiseacha is mó clú ar domhan.

Cúlra

Ba iad na Maoraigh na chéad daoine sa Nua-Shéalainn. Is Maoraigh iad deich faoin gcéad de dhaonra na Nua-Shéalainne sa lá atá inniu ann.

Bhí na Maoraigh ina gcónaí sa Nua-Shéalainn leis na céadta bliain roimh theacht na nEorpach sa bhliain 1642. Tháinig siad ó oileáin bheaga ar a dtugtar An Pholainéis. Tá an Pholainéis suite níos faide ó thuaidh san Aigéan Ciúin. Bhí modh maireachtála agus cultúr dá gcuid féin ag na Maoraigh faoin am seo.

Stór focal

Na Maoraigh: The Maori People
 lonnaigh siad: they settled
 An Nua-Shéalainn: New Zealand
 An tAigéan Ciúin: the Pacific Ocean
 béaloideas: folklore
 threoraigh sé : he guided
 taiscéalaí: explorer
 lonnaitheoirí: settlers
 an cíbhí: kiwi
 in éag: extinct
 conablaigh: remains
 taoisigh: chiefs
 prátaí milse: sweet potato
 flúirse caor: plenty of berries
 snoíodóireacht adhmaid: wood carving
 francaigh: rats
 canúnna: canoes

sciatháin leathair: bats
 sineach: mammal
 an planda lín: flax plant
 clócaí teolaí: warm cloaks
 an “haka”: rince cogaidh a rinne na Maoraigh
 mairnéalaigh Ollannacha: Dutch sailors
 Bá na nDúnmharfóirí: Murderer’s Bay
 Fidsí: Fiji
 comhaontú: agreement
 conradh: treaty
 d’fhulaing siad: they suffered
 daonra: population
 ag méadú: increasing
 gnóthaí: affairs
 éan dúchasach: native bird
 Caolas Cook: Cook Strait

Maui agus an Ghrian

Finscéal Maorach

Insítear a lán finscéalta Maoracha faoi iascaire óg darb ainm Maui. Tá scéal amháin ann faoi conas mar a d'éirigh leis fad a chur sa lá dá mhuintir. Dar leis go ndeachaigh an ghrian faoi róluath gach lá agus go raibh na laethanta i bhfad róghearr. Lá amháin, mar sin, dúirt sé lena dheartháireacha:

"Beirimis ar an ngrian le sealán (noose) chun í a mhoilliú ionas go mbeidh na laethanta níos faide chun ár gcuid oibre a dhéanamh agus chun bia a fhás dár muintir."

Chuir deartháireacha Maui fainic air gan dul róghar don ghrian ar eagla go ndófaí é. Ach nuair a chonaic siad cé chomh dáiríre is a bhí Maui faoin bplean bheartaigh siad ar chabhrú leis.

Ar dtús báire bhí orthu duilleoga an planda lín a chasadh chun rópaí láidre a dhéanamh astu. Ansin d'imigh siad leo ag seoladh san oíche ionas nach bhfeicfeadh an ghrian iad ag teacht. Thaistil siad soir go dtí an áit ina n-éiríonn an ghrian. Ghlac siad sos i rith an lae agus sheoil siad leo gach oíche. Faoi dheireadh shroich siad an áit ina n-éiríonn an ghrian. An mhaidin dár gcionn, agus an sealán réidh acu, d'fhan siad le héirí na gréine. Arsa Maui lena dheartháireacha:

"Fanaigí i bhfolach chun nach bhfeicfidh an ghrian sibh. Fan go dtí go n-éiríonn sí agus go bhfuil a cloigeann agus a cosa tosaigh sa sealán. Chomh luath is a chloiseann sibh mé ag béicíl, tarraingí ar na rópaí agus coinnígí greim daingean uirthi."

Nuair a bhí an ghrian sa sealán, léim Maui amach agus thosaigh sé á bualadh go fóchmhar. Chuir an ghrian scréacha aisti leis an bpian. Scaoil an deartháir léi ar deireadh. D'imigh an ghrian ag strácáil léi trasna na spéire, í breoite tinn mar gheall ar a cuid cneácha. Ón lá sin amach bhí na laethanta in Aotearoa níos faide agus tháinig méadú ar líon na Maorach i dTír an Scamaill Fhada Bháin.

Tarraing pictiúr chun an finscéal seo a léiriú.

13. NA RÓMHÁNAIGH

LEABHAR AN PHÁISTE: LTH. 52-55;

BILEOGA OIBRE 16, 17

Snáithe: Pobail agus Socaithe ársa

Snáithaonad: Na Rómhánaigh

Pléann an ceacht seo gnéithe éagsúla i saol na Rómhánach. Scrúdaíonn sé a saol, a gcuid oibre, a gcaithimh aimsire, agus a modh oideachais. Pléann sé freisin cumhacht mhíleata arm na Rómhánach, an bhunchloch ar ar tógadh an ríocht agus ar a raibh an tslí bheatha acu bunaithe.

Cúlra

Ba í an Róimh príomhchathair Impireacht na Róimhe. Mhair an Impireacht 1,500 bliain. Bhí formhór na hEorpa, an Mheán Oirthear agus tuaisceart na hAfraice faoi smacht na Róimhe. Níor ionsaigh na Rómhánaigh Éire riamh. Ach tá tionchar na Róimhe le feiceáil in Éirinn sa lá atá inniu ann áfach. Tagann go leor focal Bhéarla agus Ghaeilge ón Laidin – an teanga a labhair na Rómhánaigh. Tá tionchar ailtireachta na Róimhe le feiceáil inár gcuid foirgneamh. Tá go leor dár gcuid dlíthe bunaithe ar an dlí Rómhánach.

Sa cheacht seo, spreagtar na daltaí chun féachaint ar na Rómhánaigh mar ghnáthdhaoine a raibh riachtanais agus mianta acu. Pléitear gnéithe éagsúla i saol an Rómhánach. Scrúdaítear a saol, a gcuid oibre, a gcaithimh aimsire agus a modh oideachais.

Stór focal

Na Rómhánaigh: The Romans

foirgneamh: building

formhór: the majority

uimhríocht: arithmetic

paipír: papyrus

ar chláir clúdaithe le céir: on boards

covered with wax

léigiún: legion

léigiúnach: legionary

oifigeach: officer

ceantúir: centurion

sleá: javelin

clogad: helmet

piocóid: pickaxe

claíomh: sword

polla: pole

bagáiste: baggage

cuaráin: sandals

stodaí tairní: nail studs

sciath: shield

dhear siad: they designed

cosaint: protection

cuartha: curved

ciumhais: edges

sceallbholg: tortoise

saigheada: arrows

cruinn: round

páipéar airgid: tinfoil

dearadh: design

caithimh aimsire: pastime

coirmeacha ceoil: concerts

doirteadh fola: bloodshed

amharclanna: theatres

aimfitéatair: amphitheatres

An Túinéis: Tunisia

scannánóirí: film makers

imeall: edge

ainmhithe fiáine: wild animals

cruálach: cruel

fuilteach: bloody

gliairí: gladiators

sluaite ollmhóra: huge crowds

tuairisc: report

bríomhar: exciting

ceannteideal: headline

Uimhreacha Rómhánacha

Bileog Oibre 16

Uimhreacha Rómhánacha

I II III IV V VI VII VIII IX X

Na huimhreacha a úsáidimid

1 2 3 4 5 6 7 8 9 10

| | | | |
|----|-----|-----|------|
| L | C | D | M |
| 50 | 100 | 500 | 1000 |

Bain úsáid as ár gcuid uimhreacha féin chun an freagra a scríobh.

| | | | | |
|----|----|-----|----|------|
| XI | XV | XXV | CL | MMCV |
| | | | | |

Bain úsáid as na huimhreacha Rómhánacha chun na freagraí a scríobh.

1. Cén rang ina bhfuil tú? _____
2. Cén rang ina raibh tú anuraidh? _____
3. Cén rang ina mbeidh tú an bhliain seo chugainn? _____
4. Cén aois thú? _____
5. Cé mhéad páiste i do theaghlach? _____
6. Cé mhéad mí sa bhliain? _____
7. Cé mhéad páiste i do rang? _____

Anois scríobh roinnt uimhreacha dár gcuid féin.

Déan malartú leis an duine in aice leat agus scríobh mar uimhreacha Rómhánacha iad.


| | | | | | | | |
|----------------------------|--|--|--|--|--|--|--|
| Uimhreacha Rómánacha | | | | | | | |
| Na huimhreacha a úsáidimid | | | | | | | |

Na Rómhánaigh

Bileog Oibre 17

Líon na bearnaí. Aimsigh na focail san fhocalchuardach.

1. An tír ina raibh cónaí ar na Rómhánaigh: _____
2. Saighdiúir Rómhánach: _____
3. Páipéar Rómhánach: _____
4. Amharclann Rómhánach: _____
5. Na saighdiúirí a throid i gcoinne ainmhithe fiáine: _____
6. Arm a d'úsáid léigiúnach Rómhánach: _____
7. Oifigeach san arm Rómhánach: _____
8. Príomhchathair na hIodáile: _____



Focalchuardach.

Síos, trasna agus fiarthrasna.

| | | | | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| a | i | m | f | i | t | é | a | t | a | r | h |
| g | í | s | s | é | p | a | r | c | i | b | s |
| l | é | i | g | i | ú | n | a | c | h | c | a |
| i | h | í | s | í | á | i | u | á | d | h | n |
| a | c | s | ú | l | ú | o | t | s | í | d | r |
| i | h | d | l | d | e | d | ó | d | b | c | ó |
| r | c | h | í | s | c | á | g | t | d | t | i |
| í | á | d | h | d | ú | i | h | ú | í | t | m |
| í | g | e | r | p | t | l | a | í | t | s | h |
| p | a | i | p | í | r | l | ú | m | e | d | c |
| h | s | u | f | c | e | a | n | t | ú | i | r |

Na Rómhánaigh Freagraí don mhúinteoir

Bileog Oibre 17

Líon na bearnaí. Aimsigh na focail san fhocalchuardach.

9. An tír ina raibh cónaí ar na Rómhánaigh: AN IODÁIL
10. Saighdiúir Rómhánach: LEIGIÚNACH
11. Páipéar Rómhánach: PAIPÍR
12. Amharclann Rómhánach: AIMFITÉATAR
13. Na saighdiúirí a throid i gcoinne ainmhithe fiáine: GLIAIRÍ
14. Arm a d'úsáid léigiúnach Rómhánach: SLEÁ
15. Oifigeach san arm Rómhánach: CEANTÚIR
16. Príomhchathair na hIodáile: AN RÓIMH



Focalchuardach.

Síos, trasna agus fiarthrasna.

| | | | | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| a | i | m | f | i | t | é | a | t | a | r | h |
| g | í | s | s | é | p | a | r | c | i | b | s |
| l | é | i | g | i | ú | n | a | c | h | c | a |
| i | h | í | s | í | á | i | u | á | d | h | n |
| a | c | s | ú | l | ú | o | t | s | í | d | r |
| i | h | d | l | d | e | d | ó | d | b | c | ó |
| r | c | h | í | s | c | á | g | t | d | t | i |
| í | á | d | h | d | ú | i | h | ú | í | t | m |
| í | g | e | r | p | t | l | a | í | t | s | h |
| p | a | i | p | í | r | l | ú | m | e | d | c |
| h | s | u | f | c | e | a | n | t | ú | i | r |

14. POMPEII

LEABHAR AN PHÁISTE: LTH. 56-59

BILEOG OIBRE 18

Snáithe: Pobail bhunaidh agus Sochaithe ársa**Snáithaonad:** Na Rómhánaigh

Tar éis do Vesuvius pléascadh sa bhliain 79 I.C., d'fhan Pompeii gan chorraí ar feadh beagnach 2,000 bliain, agus é clúdaithe le luaithrigh, le cnámhóga agus le clocha. Le linn tochailte sa cheantar, fuarthas a lán amach faoi shaol laethúil agus faoi ghnáthaimh na Rómhánach.

Cúlra

Ba chathair mhór shaibhir é Pompeii in aimsir Impireacht na Róimhe. Ba chaladh gnóthach é agus bhí a lán siopaí ann. Bhí sé suite i mBá Naples, níos lú ná míle ó Shliabh Vesuvius. Clúdaíodh Pompeii go hiomlán nuair a phléasc Sliabh Vesuvius sa bhliain 79 I.C.. Tá an-spéis ag staraithe i bPompeii de bharr gur fhan sé gan chorraí ar feadh beagnach 2,000 bliain, agus é clúdaithe le luaithrigh, le cnámhóga agus le clocha. Le linn tochailte, fuarthas a lán amach faoi shaol laethúil na Rómhánach, faoina mbéasa agus faoina gcuid nósanna.

Stór focal

baile trádála: trading town
 bolcán beo: an active volcano
 luaithreach: ashes
 cnámhóga: cinders
 coirp: bodies
 sraitheanna: layers
 slabhraí: chains
 theith siad: they fled
 ithir: soil
 ag carnadh: building up
 gan chorraí: undisturbed
 fionghort: vineyard
 seoda airgid: silver jewellery
 potaí cré: ceramic pots
 umair chré-umha: bronze containers
 dealbha marmair: marble statues
 saghas carraige: a type of rock
 mósáic urláir: floor mosaic
 munlaí folmha: hollow shapes
 clocha cora: stepping stones
 rianta: marks
 bearnaí: gaps
 lámhdhéantúsáin: artefacts

Bhí tusa ag obair ar thochailt i bPompeii.

Seo thíos roinnt de na lámhdhéantúsáin a d'aimsigh tú.

Scríobh abairt amháin faoi gach ceann acu ag míniú cad a insíonn sé dúinn faoin saol atá thart.

Fianaise

Cad a insíonn sé dúinn?



Píosáí potaireachta

Is dócha gur úsáid muintir Pompeii potaí cré chun bia agus deoch a stóráil iontu.



Bonn




Crúiscín fíona



Búcla




Bróg Leathair



Pota cré-umha



Seodra airgid



Claíomh iarainn

15. NA CEILTIGH

LEABHAR AN PHÁISTE: LTH. 60-64

BILEOG OIBRE 19

Snáithe: Pobail bhunaigh agus Sochaithe ársa**Snáithaonad:** Na Ceiltigh

Sa cheacht seo déanann na daltaí scrúdú ar shaol na gCeilteach. Tugtar an deis dóibh obair mar staraithe, ag scrúdú saol laethúil na gCeilteach, trí lámhdhéantúsáin ón tréimhse sin a scrúdú.

Lámhdhéantúsáin Cheilteacha (lch. 60, leabhar an pháiste)

1. Torc órga
2. Bróiste Ceilteach
3. Criathar cré-umha agus cupán
4. Clogad
5. Corrán agus scian
6. Carbad
7. Sciath agus sleá
8. Píce iascaireachta dhá bheangán.

Stór focal

treibheanna: tribes

taoiseach: leader

seandálaithe: archaeologists

léargas: insight

An Iarannaois: The Iron Age

iarann: iron

uirlisí feirmeoireachta: farming implements

airm chatha: weapons for fighting

ornáidí: ornaments

an talamh a rómhar: to dig the ground

barraí: crops

daonra: population

ag méadú: increasing

ag leathnú: spreading

bróiste: brooch

“bracae”: bríste olla a chaith na Ceiltigh

coim: waist

línéadach: linen

seoda: jewellery

muincí: necklaces

bioráin bhrollaigh órga: golden brooches

bráisléid chré-umha: bronze bracelets

toirc: torcs

bíséanna: spirals

dúnta: forts

cruinn: round

ubhchruthach: egg shaped

ballaí caolaigh agus dóibe: wattle and daub walls

dion giolcach: roof made of reeds

fána: slope

urlár láibe: mud floor

ráth: ring –fort

iarsmaí: remains

stácaí: stakes

go daingean: firmly

D’fhigh siad: they weaved

craobhacha caolaigh: wattles (branches)

crann fuinte: rolling pin

an tsamhail: the model

trodaithe: fighters

príomhshlí bheatha: the main occupation

cruithneacht: wheat

eorna: barley

seagal: rye

foinse: source

torc allta: wild boar

sleánna: spears

saigheada: arrows

airm chogaidh iarainn: iron weapons of war

carbad: chariot

claíomh: sword

bhí an-rath orthu: they were very

successful

an lámh in uachtar: the upper hand

cheiliúir siad: they celebrated

ag iníor: grazing

draíochtach: magical

faoi fhothain: sheltered

togha bia agus dí: best of food and drink

scéalaithe: storytellers

finscéalta: legends

ó ghlúin go glúin: from generation to generation

tá an-tóir air: it’s very popular

“ogham”: cineál scríbhneoireachta na gCeilteach

aibítear: alphabet

teachtaireacht rúnda: secret message

Na Ceiltigh

Bileog Oibre 19

Ag obair mar sheandálaí.

Féach ar na lámhdhéantúsáin agus líon isteach an t-eolas ar an gcairt thíos.



| Déan cur síos ar an lámhdhéantúsán. | Cad chuige a d'úsáid na Ceiltigh é, dar leat? | Cad a insíonn sé dúinn faoi shaol na gCeilteach? |
|-------------------------------------|---|--|
| 1. | | |
| 2. | | |
| 3. | | |
| 4. | | |
| 5. | | |
| 6. | | |
| 7. | | |
| 8. | | |

16. OÍCHE FHÉILE EOIN

LEABHAR AN PHÁISTE: LTH. 65-68

BILEOG OIBRE 20

Snáithe: Staidéir Áitiúla**Snáithaonad:** Féastaí agus Féilte san am atá thart: Cluichí agus caitheamh aimsire san am atá thart.

Sa cheacht seo foghlaimeoidh na páistí faoi Oíche Fhéile Eoin – ceann de na féilte is ársa in Éirinn – agus faoi roinnt de na traidisiúin agus de na cluichí a bhaineann leis an bhféile sin.

Cúlra

Tá Oíche Fhéile Eoin ar cheann de na féilte is ársa in Éirinn; téann sí chomh fada siar sin nach fios cathain go díreach a ceiliúradh don chéad uair í. Lastar tinte cnámh fós i roinnt áiteanna in Éirinn chun an fhéile a cheiliúradh. Ceiliúrtar Oíche Fhéile Eoin ar an 23 Meitheamh, seachas ag grianstad an tsamhraidh a thiteann ar an 21 Meitheamh. Is féile réamh-Chríostaí í ach, mar a tharla le féilte pagánacha eile, tá sí tar éis athrú le himeacht ama agus tá tionchar na Críostaíochta le feiceáil inti sa lá atá inniu ann. Mar shampla, is nós é, le linn na féasta, uisce beannaithe a chroitheadh agus paidreacha a rá chun Naomh Eoin chun go mbeadh rath ar an obair agus ar na barra.

Stór focal

Oíche Fhéile Eoin: St John's Eve
 Cuíosach mór: quite big
 baile fearainn: townland
 troideanna “bréige”: pretend fights
